



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment



Aistear á Nuashonrú

Ceisteanna Coitianta

Forbraíodh an tacar seo de DHRÉACHT-cheisteanna agus freagraí mar fhreagra ar cheisteanna ó na páirtithe leasmhara i rith an chomhairliúcháin atá ar bun ar *Aistear* a nuashonrú. Déanfar nuashonrú agus athbhreithniú rialta ar na Ceisteanna Coitianta de réir mar a thiocfaidh tuilleadh ceisteanna isteach ó na páirtithe leasmhara.

Cén fáth go bhfuil *Aistear* á nuashonrú ag CNCM?

Aistear: Tá *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* 14 bliana d'aois anois, foilsíodh é thiar i mí Dheireadh Fómhair 2009. Tá Éire níos éagsúla anois ná riamh ó thaobh cúrsaí sóisialta, cultúrtha agus teanga. Is mór an t-athrú atá tar éis teacht ar an gcomhthéacs do sholáthar an oideachais luath-óige in Éirinn ó foilsíodh an Creat i gcomhthéacs forbairtí náisiúnta, beartais agus straitéisí, forbairtí curaclaim agus measúnaithe agus eispéiris i saol na bpáistí. Tá forbairtí suntasacha tar éis teacht chun cinn trí cheapadh beartais agus tionscnaimh ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Éagsúlachta, Ionchuimsithe agus Óige (RLCÉIÓ) agus an Roinn Oideachais (RO). Chomh maith leis sin tá ár n-eispéiris chomhphárteacha mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Mar sin, tá sé intuigthe gur gá bealaí leis an gCreat a nuashonrú a fhiosrú, le go leanfaidh sé de bheith ag tacú le heispéiris foghlama agus forbartha ardchaighdeáin do bhabaithe, naíonáin agus páistí óga in Éirinn.

Cén próiseas a bhaineann le huasdátú *Aistear*?

Tá baint ag réimse de pháirtithe leasmhara le nuashonrú *Aistear*, chun dearcthaí a bhailiú maidir leis an gCreat. Cuireadh tús leis an bpróiseas ag deireadh mhí na Bealtaine 2021, agus tá sé á dhéanamh thar dhá chéim:

- Thosaigh Céim 1 i mí Bealtaine 2021 agus chríochnaigh i mí Aibreáin 2022. Díríodh í ar cheist a chur ar pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear babaithe, naíonáin, páistí óga, tuismitheoirí agus oideoirí, faoin méid a oibríonn go maith in *Aistear*, agus faoi na moltaí a bheadh acu faoin gcaoi a bhfeabhsófaí agus a nuashonrófaí é. Seo [Tuarascáil Chomhairliúcháin](#) CNCM ó Chéim 1.
- Tá tús á chur le Céim 2 i mí Mheán Fómhair 2023, nuair a fhoilseoidh CNCM moltaí le haghaidh *Aistear* nuashonraithe. Beidh comhairliúchán ann ina dhiaidh chun aiseolas ar na moltaí a bhailiú. Tíocfaidh deireadh le comhairliúchán Chéim 2 i mí na Samhna 2023.

Céard iad na hathruithe suntasacha atá tar éis teacht ar an soláthar luath-óige ó fhoilsíodh *Aistear*?

Ar na hathruithe suntasacha i gcomhthéacs na luath-óige, tá tabhairt isteach dhá bhliain de sholáthar uilíoch réamhscolaíochta (Clár Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige [CCOLÓ]), lucht saothair atá níos cáilithe, tabhairt isteach na gcigireachtaí oideachais luathbhlianta ag cigirí RO, bunú Sheirbhís Náisiúnta Tacaíochta Ardchaighdeáin na Luathbhlianta agus tacaíocht a bheith ar fáil do pháistí óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu chun teacht ar an gclár COLÓ tríd an tSamhail Rochtana agus Ionchuimsithe (SRI).

Cén uair a bheas na nuashonraithe d'*Aistear* curtha i gcrích?

Beidh comhairliúchán chéim 2 sa siúl d'earnáil na luath-óige chun *Aistear* a nuashonrú ó Mheán Fómhair go Samhain 2023. Ansin, déanfaidh CNCM an leagan nuashonraithe d'*Aistear* a thabhairt chun críche in 2024.

An mbeidh tionchar suntasach ag na nuashonruithe ar *Aistear* ar an gCreat reatha ó thaobh struchtúir agus ábhair de?

Ní bheidh. Ní hionann é seo agus athbhreithniú mór ar *Aistear*, rud atá anois bunriachtanach maidir le taithí saoil babaithe, naíonáin agus páistí óga in Éirinn. Té léiriú sa tábla thíos ar struchtúr agus ábhar Chreat bunaidh *Aistear* mar aon leis an gCreat nuashonraithe atá molta:

<i>Aistear</i> (2009)	<i>Aistear nuashonraithe molta</i>
Réamhrá: Cuspóir <i>Aistear</i>	Réamhrá: Fís Cuspóir

<p>Prionsabail na luathfhoghlama agus na luathfhorbartha:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Indibhidiúlacht an pháiste • Comhionannas agus Éagsúlacht • Páistí ina Saoránaigh • Caidrimh • Tuismitheoirí, Teaghlach agus an Pobal • Ról an Duine Fhásta • Foghlaim agus Forbairt Iomlánaíoch • Foghlaim Ghníomhach • Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla • Eispéiris Iomchuí Shuntasacha • Cumarsáid agus Teanga • An Timpeallacht Foghlama 	<p>Prionsabail na luathfhoghlama agus na luathfhorbartha:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Saoránaigh Ghníomhaíocha Dhomhanda • Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú • Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí • Teaghlach agus Pobal • Oideoirí Gníomhaíocha • Aistrithe • Foghlaim agus Forbairt Iomlánaíoch • Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla • Timpeallachtaí Foghlama
<p>Téamaí Aistear</p> <ul style="list-style-type: none"> • Folláine • Féiniúlacht agus Muintearas • Cumarsáid • Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht 	<p>Téamaí Aistear</p> <ul style="list-style-type: none"> • Folláine • Féiniúlacht agus Muintearas • Cumarsáid • Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht
<p>Tacú le hAistear Treoirlínte don Dea-Chleachtas (ar fáil ar líne in Uirlisí Úsáide Aistear)</p>	<p>Tacú le hAistear Treoir don Dea-Chleachtas Treoirlínte don Dea-Chleachtas (ar fáil ar líne in Uirlisí Úsáide Aistear)</p>

Cad air a bhfuil na moltaí chun Aistear a nuashonrú i gCéim 2 den chomhairliúchán bunaithe?

Amhail an Creat bunaidh, táthar tar éis na nuashonruithe beartaithe a fhorbairt i gcomhairle le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear babaithe, naíonáin agus páistí óga, tuismitheoirí, agus oideoirí. Mar bhonn eolais faoin nuashonrú freisin, bhí [léirbhreithniú litríochta](#) (French agus McKenna, 2022) agus glacadh le treoir ó [Chomhairliúchán le babaithe, naíonáin agus páistí óga](#) (O’Toole, Walsh, Kerrins, Doherty, Forde, Kelleher, McCartney, Stafford, Stokes, Matson agus Mooney, 2023) agus ó [Thuarascáil Chomhairliúcháin CNM](#) ó Chéim 1.


Cad iad na príomhtheachtaireachtaí sna moltaí le haghaidh Aistear nuashonraithe?

Is é a dhéanann na moltaí le haghaidh Aistear nuashonraithe:

Ionchuimsiú, ilchineálacht, cearta, guth, folláine, cothú caidreamh, súgradh, ceangail, leanúnachas agus dul chun cinn san fhoghlaim agus inbhuanaitheacht a leabú sa Chreat ar fad

- Dearctar ar an mbabaí, ar an naíonán agus ar an bpáiste óg mar: gníomhaíoch, inniúil agus muiníneach

- Dearctar ar an oideachasóir¹ mar: inniúil, muiníneach, gníomhaíoch agus machnamhach
- **Struchtúr Aistear (féach an Fíor thíos) a choimeád ach rannáin faoi leith a nuashonrú:**
 - Trí na Prionsabail a choimeád, a nuashonrú agus iad a bheith níos feiceálaí
 - Trí na Téamaí a choimeád agus a nuashonrú agus na Prionsabail a fhí iontu
 - Trí na Treoirínte don Dea-Chleachtas a choimeád ach iad a nuashonrú



- Níos mó airde a tharraingt ar thábhacht na n-idirghníomhuithe agus na gcaidreamh:
 - Trí dhíriú ar chaidreamh iontaobhach a fhorbairt le babaithe, naíonáin agus páistí óga trí oideolaíocht mhall chaidreamhach
 - Trí dhearbhu in athuair a thábhachtaí atá cur chuige a bheadh bunaithe ar phríomhdhuine
 - Trí cheangail fheabhsaithe a chothú le cairde, pobail agus comharsanachtaí.
- Béim bhreise a leagan ar bhabaithe, naíonáin agus páistí óga mar shaoránaigh a bhfuil cearta acu

¹ Léiríonn ról gairmiúil na ndaoine sin a oibríonn sa suíomh luath-óige ach is féidir an tuiscint a bhaint as freisin gur tagairt é do na daoine fásta eile a bhíonn ag plé leis an gCreat d'fhonn tacú le foghlaim agus forbairt an bhabaí, an naíonáin nó an pháiste óig atá faoina gcúram.

- Trí fhócas breise a leagan ar an gceart go ndéanfaí machnamh cuí ar a gcuid barúlacha lena n-áirítear an ceart chun páirt bhríoch a ghlacadh agus tionchar a imirt ar na cinntí a théann i bhfeidhm orthu. Baineann amach an téarma ‘páistí’ agus cuireann isteach ina áit na haoisraonta forluiteacha a leanas, mar atá, ‘babaithe’ (breith go 18 mí), ‘naíonáin’ (12 mhí go 3 bliana) agus ‘páistí óga’ (2.5 go 6 bliana) d’fhonn aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le gach céim faoi leith aisti féin.
- Trí níos mó aitheantais a thabhairt do ghuthanna/teangacha éagsúla ilchineálacha na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga.
- Tríd an tábhacht a bhaineann le cearta agus le freagrachtaí atá ag teacht chun cinn a chur chun cinn, lena n-áirítear a n-áit sa saol a fhiosrú agus a shainaitheint agus; an chaoi le bheith ag maireachtáil ar bhonn inbhuanaithe a fhoghlaim.
- **Coincheapa na hilchineálachta, an chothromais agus na hionchuimsitheachta a leabú a thuilleadh:**
 - Trí níos mó feasachta agus tuisceana a léiriú ar shochaí ilchineálach chomhaimseartha na hÉireann lena n-áirítear ilchineálacht ó thaobh aoise, inscne, stádas teaghlai, creidimh, dearcadh saoil, eitneachta, lena n-áirítear ballraíocht i bpobal an Lucht Siúil, de.
 - Trí dhíriú ar mheas a léiriú agus ceiliúradh a dhéanamh ar an ilchineálacht agus, san am céanna, ár gcuid comhchosúlachtaí agus nascachta a thabhairt faoi deara agus a mhóradh.
 - Trí dhíriú ar stair agus scéal cultúrtha agus teanga na hÉireann.
- **Béim a leagan ar lárnacht na foghlama tríd an súgradh agus trí eispéiris phraiticiúla agus í a athdhearbhú:**
 - Trí éagsúlacht mhór a spreagadh ó thaobh cineálacha súgartha agus eispéireas praiticiúil de, taobh istigh agus amuigh faoin aer.
 - Trí bhéim a leagan ar thábhacht an ama, an spáis, na saoirse, na roghanna agus na n-acmhainní.
 - Trí bhéim a leagan ar an súgradh agus foghlaim amuigh faoin aer agus aird a tharraingt ar na tairbhí a thagann le súgradh taitneamhach dúshlánach fiontrach.
- **Tacú le níos mó leanúnachais i dtaca leis an eispéireas foghlama agus le dul chun cinn na foghlama**
 - Trí bhéim bhreise a leagan ar an bhfoghlaim a tharlaíonn sna chéad trí bliana den saol.
 - Trí léiriú a thabhairt ar a thábhachtaí atá sé tacú le gach aistriú – laistigh agus lasmuigh de shuíomhanna, i gcaitheamh an lae, seomra-go-seomra agus ón réamhscoil go dtí an bhunscoil agus an scoil speisialta.
 - Trí dhíriú ar ailíniú curaclaim idir *Aistear* agus *Creatchuraclam na Bunscoile (2023)*
 - Trí dhearbhu in athuir an tábhacht atá le foghlaim agus forbairt iomlánaíoch, lena n-áirítear meonta dearfacha foghlama, a thabhairt faoi deara, a bhreathnú, a dhoiciméadú, a phleanáil agus a mheasúnú.

Cén ról a bheidh ag tuismitheoirí/caomhnóirí i gCéim 2 de Nuashonrú *Aistear*?

Tá ceistneoir ar líne do thuismitheoirí / caomhnóirí ar mian leo a ndearcthaí ar na moltaí le haghaidh *Aistear* Nuashonraithe a roinnt, chomh maith le teimpléad aighneachta scríofa le

haghaidh aiseolais níos leithne. Tabharfar an deis do thuismitheoirí freastal ar imeacht comhairliúcháin ar líne chomh maith. Cliceáil anseo le haghaidh na n-ábhar comhairliúcháin: <https://ncca.ie/ga/an-luath-%C3%B3ige/forbairt%C3%AD-oideachais-luath-%C3%B3ige/aistear-%C3%A1-nuashonr%C3%BA/comhairli%C3%BAch%C3%A1n/>

Cén ról atá ag babaithe, naíonáin agus páistí óga i gCéim 2 de Nuashonrú Aistear?

Tá babaithe, naíonáin agus páistí óga ag croí *Aistear* agus tá CNCM ag dúil go mór le cloisteáil uathu maidir lena dtaithí ar an gCreat. Tá cuibhreannas ó Roinn Froebel in Ollscoil Mhá Nuad, Luath-Óige Éireann agus Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis, Béal Feirste ag tabhairt faoi chomhairliúchán le babaithe, naíonáin agus páistí óga thar ceann CNCM. Cuimsíonn an comhairliúchán léirmhíniú ar na bealaí éagsúla a ndéanann babaithe, naíonáin agus páistí óga cumarsáid, pé acu trí fhocal, comharthaíocht choirp, gníomhartha agus freagairtí lena léiriú cé acu nithe a thaitníonn leo agus atá tábhachtach dóibh. Bíonn ról luachmhar ag a bpríomhduine sa taighde seo, duine a bhfuil aithne mhaith aige nó aici orthu, trí bheith ag éisteacht le agus ag freagairt do ghuth an pháiste. Foilsíodh [Tuarascáil ar an gComhairliúchán le Babaithe, Naíonáin agus Páistí Óga](#) ó Chéim 1. Reáchtáladh comhairliúchán le babaithe, naíonáin agus páistí óga i gCéim 2 lena mbarúlacha a fháil ar na moltaí chun *Aistear* a nuashonrú agus foilseofar in 2024 é.

An mbeidh tionchar ag nuashonrú *Aistear* ar ailíniú *Síolta*?

Is smaoineamh tábhachtach é an caidreamh idir *Aistear* agus *Síolta*, an dá chreat náisiúnta do sholáthar luath-óige le haghaidh an phróisis nuashonraithe agus beidh fócas ag CNCM ar ailíniú agus sineirge idir an dá chreat.

Céard é an gaol idir *Aistear* a nuashonrú agus an t-athbhreithniú agus athfhorbairt Churaclam na Bunscoile?

Mar thoradh ar chlár CCOLÓ, le *Aistear* agus *Síolta*; tháinig athrú ar an taithí a fhaigheann na páistí sula dtéann siad chuig an mbunscoil agus ina dhiaidh sin. Socraíonn na hathruithe seo comhthéacs nua do thaithí na bpáistí i seomraí ranga na naíonán. Cé gur d'earnáil na luath-óige a bheidh *Aistear* nuashonraithe agus do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta a bheidh *Creatchuraclam na Bunscoile*, tá siad ailínithe anois chun tacú le leanúnachas agus dul chun cinn

gach páiste agus iad ag aistriú ón réamhscoil go dtí bunscoileanna agus scoileanna speisialta. Tá an t-ailíniú seo le feiceáil go háirithe san fhócas sa dá chreat ar oideolaíocht an tsúgartha.

An mbeidh Aistear fós ag feidhmiú mar chreatcúraclam seachas curaclam?

Beidh Aistear fós ag feidhmiú mar chreatcúraclam seachas curaclam. Leagtar amach fíís shoiléir agus na prionsabail don teagasc agus don fhoghlaim i gcreat curaclaim. Tarraingítear aird ann ar a bhfuil tábhachtach agus déantar cur síos ann ar na rudaí ar cheart tús áite a thabhairt dóibh. Tá cur síos sna Téamaí ar uaimhianta maidir lena bhfoghlaiméoidh babaithe, naíonáin agus páistí óga. Is ráitis leathana ach infheicthe iad na Spriocanna Foghlama a thacaíonn le curaclam a fhorbairt a bheidh infheidhmithe in éagsúlacht de shuíomhanna agus leis na haoisghrúpaí éagsúla.



Fíor 2 Aistear: creatcúraclam na luath-óige.

Is creata den chineál céanna iad *Creatchuraclam na Bunscoile* (RO, 2023) agus an *Creat don tSraith Shóisearach* (Roinn Oideachais agus Scileanna, 2015) a thacaíonn le foghlaim an pháiste sa bhunscoil agus san iar-bhunscoil, ag tacú le leanúnachas agus dul chun cinn ón luath-óige i leith.

Cén chaoi a gcuirfear na torthaí taighde in iúl dom?

Foilsíodh an taighde agus cuireadh ar fáil é sa chuid luath-óige den suíomh gréasáin:

www.ncca.ie/early-childhood.

Céard iad na tacaíochtaí a chuirfidh CNCM ar fáil d'oideoirí chun tacú leo oibriú leis an *Aistear nuashonraithe*?

Tacóidh CNCM le hOideoirí agus iad ag oibriú le h*Aistear* trí [Uirlisí Úsáide *Aistear*](#) ar líne. Forbraíonn an Treoir don Dea-Chleachtas, atá leagtha amach sa rannán Tacú le h*Aistear* de na moltaí, cuid de na smaointe tábhachtacha a tugadh isteach sna Prionsabail agus Téamaí. Tá na smaointe móra seo in ainm a bheith ina n-ardán leis na [Treoirlínte don Dea-Chleachtas](#) reatha in Uirlisí Úsáide *Aistear* a nuashonrú agus a leathnú. Rinneadh croí-thearmaí a aibhsiú sa Treoir lena léiriú go bhféadfadh sé go bhforbrófaí acmhainní amach anseo sna réimsí seo agus táthar ar lorg, leis na próisis chomhairliúcháin, aiseolas i dtaca leis na tacaíochtaí agus acmhainní féideartha seo.

An nglacfaidh Uirlisí Úsáide *Aistear* áit Threoir Chleachtais *Aistear Síolta*?

Ní ghlacfaidh. Is é atá beartaithe go gcomhlánóidh [Uirlisí Úsáide *Aistear*](#) agus an [Treoir Chleachtais](#) a chéile. Is é is cuspóir leis an Treoir Chleachtais ná tacú le hoideoirí luathbhlianta chun *Aistear* agus *Síolta* (An Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige, 2006) a úsáid **le chéile**. Is ar *Aistear amháin* atá Uirlisí Úsáide *Aistear* dírithe. Tacaíonn na hUirlisí Úsáide le hoideoirí luathbhlianta chun Prionsabail, Téamaí, Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama *Aistear* a thuiscint agus a úsáid.

Cén áit inar féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Chun eolas a fháil ar imeachtaí agus ar dhul chun cinn maidir le *Aistear* a nuashonrú lean sinn ar Twitter, Instagram agus Facebook. Cláraigh linn [chun an nuacht is déanaí a fháil](#) ó CNCM.

